Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**14156/24**
**ADD 1**

**UK 138**
**ENER 482**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 439 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le bunú na Meithle um Shlándáil an tSoláthair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 439 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 439 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.10.2024
COM(2024) 439 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le bunú na Meithle um Shlándáil an tSoláthair**

**CEANGALTÁN**

**Cinneadh Uimh. x/202x**

**ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE UM FHUINNEAMH**

**ARNA BHUNÚ LE hAIRTEAGAL 8(1)(l) DEN CHOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE**

**an x xxxx 202x**

**a mhéid a bhaineann le bunú na Meithle um Shlándáil an tsoláthair**

TÁ AN COISTE SPEISIALAITHE UM FHUINNEAMH,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (‘An Comhaontú Trádála agus Comhair’), agus go háirithe Airteagal 8(4)(f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) Le hAirteagal 8(1)(l) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, bunaítear an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh. Leagtar amach a chumhachtaí i leith saincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta in Airteagal 8(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

(3) Le hAirteagal 8(4)(f) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh meithleacha a bhunú, a mhaoirsiú, a chomhordú agus a dhíscaoileadh.

(4) De bhun Airteagal 9(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tabharfaidh aon Mheitheal a bhunófar, faoi mhaoirseacht Coiste, cúnamh don Choiste sin i gcomhlíonadh a chúraimí agus, go háirithe, ullmhóidh sí obair an Choiste sin agus déanfaidh sí aon chúram a shannfaidh an Coiste sin don Mheitheal.

(5) Le hAirteagal 9 (3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair foráiltear go mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe ar aon Mheitheal a bhunófar agus go ndéanfaidh ionadaí ón Aontas agus ionadaí ón Ríocht Aontaithe comhchathaoirleacht orthu.

(6) Foráiltear le hAirteagal 9(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair go socróidh aon Mheitheal a bhunófar a rialacha nós imeachta féin, a sceideal cruinnithe féin agus a clár oibre féin de chomhthoil.

(7) Is iomchuí go mbunóidh an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh, de bhun Airteagal 8(4)(f) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, Meitheal um Shlándáil an tSoláthair, chun oibriú faoina mhaoirseacht. Ba cheart don Mheitheal um Shlándáil an tSoláthair a rialacha nós imeachta a shocrú. Ba cheart di tuairisciú tráthrialta a dhéanamh ar a cuid gníomhaíochtaí don Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Bunaítear leis seo an Mheitheal um Shlándáil an tSoláthair.

2. Socróidh sí a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aici.

*Airteagal 2*

1. Beidh cruinniú ag an Meitheal nuair a chinnfidh na Comhchathaoirligh amhlaidh, de chomhthoil.

2. Tuairisceoidh sí go tráthrialta don Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh maidir le torthaí agus conclúidí a cruinnithe.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa ..., an …

*Thar ceann an Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh*

*Na Comhchathaoirligh*